AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.9.2016
SWD(2016) 259 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le córas deimhniúcháin de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh trealamh scagtha slándála eitlíochta

{COM(2016) 491 final}
{SWD(2016) 261 final}

BILEOG ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas deimhniúcháin AE a bhunú le haghaidh trealamh scagtha eitlíochta

A. An gá le beart

Cad é an fhadhb agus cén fáth ar fhadhb ar leibhéal an Aontais Eorpaigh é?

Leis an tionscnamh seo, táthar ag tabhairt aghaidh ar an easpa margaidh inmheánaigh i dtrealamh scagtha eitlíochta a bheith ann. Dá dheasca sin, laghdaítear éifeachtúlacht agus cuirtear bac ar **iomaíochas mhonaróirí an Aontais Eorpaigh** a tháirgeann trealamh den sórt sin.

De cheal tionscnamh beartais chun tacú le hiomaíochas mhonaróirí na hEorpa is cinnte go gcrapfaidh an sciar den mhargadh domhanda atá acu.

Céard ba cheart a bhaint amach?

Dea-fheidhmiú mhargadh inmheánach an Aontais Eorpaigh i dtrealamh scagtha eitlíochta agus méadú ar iomaíochas chuideachtaí an Aontais ar an leibhéal domhanda.

Cad é an breisluach le bearta ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?

Tá aghaidh tugtha ag na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, ar an bhfadhb seo go pointe le comhaontú neamhcheangailteach comhair agus trí mhodheolaíochtaí tástála chomhchoiteanna a fhorbairt. Ní eisítear deimhnithe faoin gcomhaontú sin, áfach. Níl aon rud a thabharfadh le fios go bhfuil córas deimhniúcháin beartaithe ag na Ballstáit a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí de agus comhaontaithe go frithpháirteach eatarthu. Is gá beart ón Aontas Eorpach, dá bhrí sin. Bheadh breisluach ag baint le beart ón Aontas Eorpach toisc go mbainfeadh monaróirí tairbhe as margadh inmheánach a bheith ann agus go gcuirfí feabhas ar a n-iomaíochas ar an leibhéal domhanda.

B. Réitigh

Céard iad na roghanna éagsúla atá ann leis na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha tosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?

Forbraíodh cúig cinn de roghanna beartais:

1. "An cás bunlíne" – ní chuirfeadh an Coimisiún aon tionscamh ar bun. **2. Moladh a dhéanamh** do na Ballstáit. **3. "Reachtaíocht"** – d'ullmhódh an Coimisiún togra reachtach a ligfeadh do tháirgeoirí a dtáirgí a chur ar an margadh agus a dhíol ar fud an Aontais a fhad is a bheadh an táirge deimhnithe in aon Bhallstáit amháin. **3.1. An "seanchur chuige"**, **3.2. An "cur chuige nua", 3.3. An "cur chuige láraithe".**

Is é **rogha 3.1, an "seanchur chuige", rogha na tosaíochta**, toisc go mbeadh tionchar dearfach suntasach aige agus go mbeadh tacaíocht fhairsing aige i measc na ngeallsealbhóirí

uile.

Céard iad na tuairimí éagsúla atá ag na geallsealbhóirí? Cé atá i bhfách cén rogha?

Níor thacaigh na grúpaí geallsealhbóirí le rogha 1 ná rogha 2. B'fhearr le formhór na ngeallsealbhóirí rogha 3.3, ach ní raibh rogha 3.1 agus 3.2 i bhfad ar gcúl. Ba mar an gcéanna, tríd is tríd, na freagraí a thug na grúpaí geallsealbhóirí éagsúla ar na ceisteanna seo.

C. Tionchair rogha na tosaíochta

Cad iad sochair rogha na tosaíochta (más ann do rogha na tosaíochta, murab ann di cad iad na príomhshochair)?

Ní dhéanfaí an deimhniúchán ach in aon Bhallstát amháin. De bharr an bhirt atá molta, ba cheart: go méadófaí éifeachtúlacht margaidh an Aontais Eorpaigh, go bhfeabhsófaí saorghluaiseacht earraí, go méadófaí an rogha atá ag custaiméirí, go laghdófaí an t-ualach riaracháin, go laghdófaí an méid ama a thógann sé earra a chur chun margaidh agus go bhfeabhsófaí iomaíochas mhonaróirí na hEorpa. De thoradh an méid sin, ba cheart go dtiocfadh méadú foriomlán ar dhíolachán mhonaróirí an Aontais Eorpaigh i dtríú tíortha agus ba cheart go méadófaí ar an líon daoine atá fostaithe san earnáil.

Cad iad costais rogha na tosaíochta (más ann do rogha na tosaíochta, murab ann di cad iad na príomhchostais)?

Laghdófaí an gá le tástálacha a dhéanamh arís is arís eile ar an bpíosa trealaimh céanna, agus dá thoradh sin ba cheart go dtiocfadh laghdú ar an líon tástálacha a dhéanfaidh aon saotharlann ar leith in aghaidh na bliana. Laghdófaí ioncam na saotharlann dá réir sin, ach ba cheart gur lú an laghdú sin ná an coigilteas costais a dhéanfadh na táirgeoirí.

Céard iad na tionchair a bheidh ann ar FBManna agus ar iomaíochas?

De dheasca na heaspa deimhneachta dlíthiúla a bhaineann leis an gcóras deimhniúchán mar atá sé faoi láthair, is mó na costais a bhíonn ar fhorbairt agus is mó am a thógann sé trealamh scagtha eitlíochta a chur chun margaidh. Toisc nach mbíonn ach acmhainní teoranta le fáil ag FBManna, is mó an fhadhb seo dóibhsean i dtaca le cuideachtaí móra. Meastar gur mó tairbhe a bheidh le baint ag FMBanna ná ag cuideachtaí eile as tionchair dhearfacha rogha 3.1, dá bhrí sin.

An mbeidh tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Ní bheidh

An mbeidh tionchair shuntasacha eile ann?

Ní bheidh

D. Obair leantach

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?
Gach cúig bliana.